Aguisín Plandála Teorainneacha

Crainn, Toir agus Dreapairí.

Dúchasach

Fearnóg (Alnus glutinosa) Fásann go gasta. Feabhas ar an ithir tríd cheangal nitrigin. Fásann go maith ar thalamh fliuch, áit a bhfásann beagán eile. Fásann fosta ar chréafóg. Éasca a fhódú agus a roschoilliú.

Fuinseog (Fraxinus excelsior) Fulangach ar shúimh atá fuar agus gan foscadh, ina measc ceantair cósta sceirdiúla. Seachain suímh uisciúla. Is fearr plandaí óga a chur. Tugann scáil éadtrom, ag ceadú scrobarnaigh.

Beith (Betula pubescens) Speiceas ceannródaitheach, crua a fhásann go maith, agus a thugann foscadh do phlandaí eile. Fulangach ar éagsúlacht leathan súimh ó thaobh foscaidh, fliuchras agus ithir bhocht. Seachan scáil agus féar fásaigh. Caitheann scáil éadrom, ag ceadú fás maith ar an talamh.

Draighneán (Prunus spinosa) Sceach dhlúth atá fíor oiriúnach mar fhál ainmhí. Fulangach ar shuímh cósta sceirdiúla gan foscadh. Tugann cosaint ó ainmhithe do chrainn óga. Is féidir meatháin agus lascanna Draighneáin a chur.

Silín fiáin(Prunus avium) Bláthanna, duilliúr agus torthaí taitneamhacha. Easca a fhódach. Fás de 7m i ndeich mbliana, agus fás go 15m sa deireadh.

Fia-úll (Malus sylvestris) Teastaíonn suíomh oscailte; Crann maith le haghaidh sconsa agus éasca a fhás; bláthanna agus duilleoga taitneamhacha.

Giúis Corsiceach (Pinus nigra) Crann buaircíneach atá go maith mar chrios foscaidh. Fulangach ar shalann, fásann go maith ar thalamh gainimheach agus aolchloiche.

Trom (Sambucas Nigra) Fás gasta; fulangach ar shúimh tais gan foscadh; crann maith fál agus coille.

Leamhán (Uimus glabra) Seachain suíomh tirim; fás gasta; fásann go maith ar shuímh gan foscadh. Oiriúnach mar chrann aonarach nó mar fhál.

Aiteann (Ulex europaeus) An-oiriúnach mar chosaint ag plandaí óga; an-tairbheach don fhiadhúlra; bláthanna go minic sa gheimhreadh. Fulangach ar ithir thais agus aigéadach. Spréann na préamhacha faoi thalamh.

Rós ollannach(Viburnum opulus) Duilleoga agus bláthanna troma, tarraingteacha.

Sceach Gheal (Crataegus monogyna) An-oiriúnach mar chrann fáil. Tugann cosaint mhaith do chrainn óga. Seachain ithir thais agus aigéadach. An-tairbheach don fhiadhúlra. Tá fás go forleathan ar an Sceach Gheal i bhfálta agus i ngáirdíní, agus bíonn bláthanna bána san Earrach, agus caoróga dearga san Fhómhar. Beidh airde de 4m i ndeich mbliana, agus airde de 10m sa deireadh.

Coll (Corylus avellana) Caitíní fada buí san Earrach agus cnónna san Fhómhar. Úsáideach mar scáth foscaidh ar shuímh oscailte. Airde de 4m i ndeich mbliana, agus 7m sa deireadh.

Cuileann (Ilex aquifolium) Síorghlas, crua, fulangach ar shuíomh gan foscadh. Duilliúr agus caortha taitneamhacha. Fásann go maith sa scáil. Seachain suímh fhliucha. Deacair a fhódú.

Féithleog (Lonicera periclymenum) Dreapaire crua taitneamhach, le bláthanna cumhracha.

Aitil (Juniperis communis) Crann cónaiféarach, oiriúnach i bhfálta, fásann go maith ar thalamh cailceach; fulangach ar shuíomh gan foscadh. .

Giúis Lodge Pole (Pinus contorta) Crann buaircíneach a fhásann go gasta; fulangach ar shuíomh tais agus gan foscadh.

Dair Neamhghasánach Fulangach ar ithir éadomhain chlochach; is féidr fás ar chréafóg fosta. Daingean in éadan gaoithe. An-tairbheach don fhiadhúlra. Fásann go maith má chuirtear í ar dtús faoi scáth crann eile a fhásann níos gaiste.

Prímhéad (Ligustrum vulgare) Tor dhlúth fál, bláthanna taitneamhacha, fódú éasca.

Caorthann (Sorbus aucuparia) Crua, fulangach ar shuíomh gan foscadh, agus fásfaidh ar ithir bhocht. Bláthanna san Earrach agus caortha dearga taitneamhacha san Fhómhar. Airde de 7m i ndeich mbliana, agus airde de 15m sa deireadh.

Giúis Albanach(Pinus sylvestris) Crann buaircíneach, duilliúr agus coirt thaitneamhach. Fásann go héasca ach seachain aol agus móin fhliuch. Bíonn tóir ag feithidí ar an chrann seo agus itheann éanacha agus iorraí na síolta. Is í an Ghiúis seo an crann buaircíneach is fearr don fhiadhúlra. Déanann ulchabháin cónaí sa chrann fosta.

Bíoma bán (Sorbus aria) Cruth, duilliúr, bláthanna agus torthaí taitneamhacha. Fulangach ar shuímh cósta gan foscadh agus fásfaidh ar ithir bhocht. Is fearr suíomh tirim, ach fulangach ar thalamh fliuch. Trasphlandáil éasca. Tairbheach don fhiadhúlra.

Saileog (Salix) Mórán cineálacha. Fás gasta, cruth thaitneamhach ar na cinn is mó. Go maith mar fhál foscaidh agus folaigh. Roschoilliú éasca. Fásann go maith ar thalamh tais, ach ní mhairfidh ar thalamh atá i gcónaí báite. Fásann go héasca as gearrthacha. Tá na bláthanna tairbheach do na beacha agus do na feithidí luath sa bhliain. Áit mhaith neadaithe ar thalamh fliuch.

Iúr (Taxus baccata) Crann buairicíneach, bláthanna luath sa bhliain. Oiriúnach mar chrann aonarach nó i ngrúpa crann.

Neamhdhúchasach, Coitianta

Fáibhile (Fagus sylvatica) Fásfaidh crainn óga sa scáil. Fulangach ar shalann. Dath breá san Fhómhar; is fearr fás ar thalamh atá draenáilte go maith agus le crainn eile mar chosaint i dtús ama. Meas fáibhile mar bhia d'éanacha agus d'ainmhithe éagsúla.

Deora Dé (Fuschia magellanica) Bláthanna taitneamhacha, go maith le cur le fál.

Cnó Capaill (Aescus hippcastanum) Crann mór taitneamhach, le torthaí. Neart spáis de dhíth.

Léaróg (Larix) Mar chrann aonarach, nó i bplandáil mhór is coitianta. Crann buairicíneach a chailleann snaithidí; préamhacha ag dul síos domhain; fulangach ar shuíomh gan foscadh

Teile (Tilia vulgaris) Crann taitneamhach, le duilleoga móra; go maith mar chrann aonarach nó i gcoillte.

Giúis Lodgepole (Pinus contorta) Fás gasta i dtús ama. Fulangach ar éagsúlacht ithreach. Maith mar fhálta. Mórán cineálacha; gan tairbhe ó thaobh an fhiadhúlra.

Mailp Lochlannach (Acer Platanoide) Bíonn mórán bláthanna beaga buí san Earrach, agus duilleoga álainn buí san Fhómhar. Fulangach ar bheagnach gach cineál ithreach. Airde de 7m i ndeich mbliana, agus 20m sa deireadh.

Poibleog (Popolus) Fás gasta, éasca a fhódú i gcóir creasa foscaidh nó adhmaid. Tá Poibleog bán fulangach ar shalann. Fásann go héasca as gearrthacha, agus tóir ag feithidí ar an chrann seo.

Giúis Ghallda Sitka (Picea stichensis) Fás gasta, fulangach ar shuíomh gan foscadh. Tugann siad foscadh maith ar thalamh cnoic, le hithir aigéadach. Tá neart fearthainne de dhíth ar an nGiúis, agus is fearr an fás i gcontaetha an Iarthair.

Crann Castán (Castanea sativa) Fás gasta. Roschoilliú éasca i suímh le foscadh. Níl mórán tairbhe don fhiadhúlra. Droch thionchar ag fuacht agus suíomh gan foscadh ar an chrann seo

Seiceamar (Acer pseudoplatanus) Crann crua, a spréann go héasca, fulangach ar shuímh chósta gan foscadh. Maith mar chrios foscaidh ar fheirmeacha cnoic. Fásann go héasca, agus is fiú í a úsáid in áiteanna deacra.